

Ábhar	An Léann Ceilteach agus an tSean-Ghaeilge
Mír Físe	An Dr. Uáitéar Mac Gearailt ag labhairt faoin Léann Ceilteach agus faoin tSean-Ghaeilge
Téacs Breise	Sceideal na seisiún ag an gComhdháil Cheilteach in Ollscoil na hÉireann, Maigh Nuad 2011

Le caoinhead ón gComhdháil Cheilteach

Ón uair go bhfuil an téacs seo an-fhada, b'fhéarr dá mbeadh an deis ag na mic léinn féachaint air ar an ngréasán

http://www.celticstudiescongress.org/images/stories/congress/sessions_schedule.pdf

Ní cúrsa teanga ná plean ceachta atá i gceist leis an ábhar samplach seo agus níl sé i gceist go ndéanfaí gach tasc in aon seisiún teagaisc amháin. Is sampla atá ann de na cineálacha tascanna a d'fhéadfaí a bhunú ar an téacs d'fhonn na hinniúlachtaí agus na scileanna atá á gcur chun cinn sa siollabas a fhorbairt. Moltar go gcuirfeadh teagascóirí an t-ábhar in oiriúint dá gcuid mac léinn féin.



An Léann Ceilteach agus an tSean-Ghaeilge

Réamhobair

Beidh tú ag féachaint ar mhír fise ina bhfuil an Dr. Uáitéar Mac Gearailt ag déanamh cur síos ar an Léann Ceilteach agus ar thábhacht na Sean-Ghaeilge don scoláire Nua-Ghaeilge. Sula bhféachann tú ar an mír, déan an réamhobair thíos.

- An bhfuil míniú agat ar na téarmaí seo a leanas:

Léann Ceilteach

Léann Éireannach

Léann Daonna

- Cad iad na tíortha Ceilteacha? Cad iad na hábhair a ndéantar staidéar orthu mar chuid den Léann Ceilteach? Liostaigh agus pléigh.
- An raibh deis agat staidéar a dhéanamh ar an tSean-Ghaeilge mar chuid de do chéim? An dóigh leat go bhfuil tábhacht ag baint léi mar ábhar? Pléigh.
- Cad é an difear atá idir na téarmaí seo a leanas? Pléigh agus tabhair sainmhíniú.

Sean-Ghaeilge

Meán-Ghaeilge

Gaeilge Chlasaiceach

Nua-Ghaeilge

Luath-Ghaeilge

Teanga P-Ceilteach

Teanga Q-Ceilteach

Éisteacht

Anois féach ar an mír fise agus freagair na ceisteanna seo:

- Cad iad na difríochtaí a luann an cainteoir idir staidéar ar an Léann Ceilteach thar lear agus in Éirinn?
- Cén fáth, dar leis, a bhfuil an tSean- agus an Mheán-Ghaeilge tábhachtach do scoláirí Nua-Ghaeilge?

Feasacht Teanga

- Cuir Gaeilge ar na frásaí seo a leanas:

the thirteenth century

the sixth century

the eighth century

seventeenth century literature

tenth century politics

in the seventh century

twentieth century theories

- ‘...idir, go deimhin, shean-litríocht agus nua-litríocht, idir shean-teanga agus nua-theanga...’

Tabhair míniú ar na séimhithe sa chló dubh thuas.

- Cén chanúint lena mbaineann na tréithe seo:

go háirid
áiteachaí

Anois féach ar na hiolraí thíos. An féidir leat a rá cé acu atá canúnach agus cé acu atá caighdeánach? I gcás na n-íolraí canúnacha, an féidir leat a rá cé acu canúint lena mbaineann siad? Conas a dhéanfá cinneadh cé acu is cirte a scríobh?

leabhair	leabharthaí	leabhartha	
carrannaí	carranna	cairteacha	mótars
páipéirí	páipéir		
ailt	altanna	altannaí	
cláracha	cláir		
siopaithe	siopaí		
fuinneogaí	fuinneoga		

- An féidir leat Gaeilge a chur ar na frásaí seo?

Welsh
Breton
Brittany
Breton writers
Welsh literature
Welsh people
Breton culture

- An bhfuil difear idir na focail seo thíos? Má tá, cad é? Léirigh le samplaí.

oidhreacht	dúchas	traidisiún	
liric	dán	soinéad	
siollabas	cúrsa	curaclam	
ré	aois	tréimhse	
comhdháil	siompóisiam	fóram	cruinniú

- ‘...prós Mháirtín Uí Chadhain...’

Bain amach na lúibíní thíos. An féidir leat an struchtúr céanna a chur i bhfeidhm ar na húdair eile atá ar do chúrsa léinn?

tuairimí (Nuala Ní Dhomhnaill)
saothar (Cathal Ó Searcaigh)
dearcadh (Máirtín Ó Direáin)
leabhar (Ciarán Mac Murchaidh)
dánta (Caitlín Maude)

- Cad iad na haoiseanna lena mbaineann an litríocht ar do chúrsa? Cad iad na haoiseanna is fearr leat ó thaobh na litríochta de? Pléigh.
- ‘...foghlaimíonn mic léinn an Ghaeilge díreach mar a dhéanann mic léinn na hÉireann, canúint ar leith agus a leithéid sin...’ An bhfoghlaimíonn tusa ‘canúint ar leith’ mar chuid de do chúrsa? Mura ndéanann, ar mhaith leat a leithéid a dhéanamh? An bhfuil tábhacht ag baint le canúint nuair atá an Ghaeilge á foghlaim?
- Léigh an sliocht thíos agus pléigh na ceisteanna.

His humorous description of the early Irish noun having twenty five different cases with beautiful scholarly names such as the ‘neglective, desidative, fundative, privative, comitative, ascensive, augmentative, ingressive, depositive, parentative, progenitive, circumdative, and trespassive’ (*Backward Look*, 19-20) has its echoes in the professor who wondered how anybody could speak Old Irish at all since its verbal system was so complicated. O’Connor set himself the task of interpreting this tradition (which he often claimed to find ‘weird’ and ‘strange’) to a modern audience through his own translations.

‘The Interpretation of Tradition’ le hAlan Titley as *Frank O’Connor: Critical Essays*, in eagar ag Hilary Lennon. Four Courts Press: Baile Átha Cliath 2007.

- o Conas a chuirfeá síos ar ‘verbal system’ na Nua-Ghaeilge?
- o Cad iad na tuisil ar fad atá ann sa Nua-Ghaeilge?
- Féach ar an sceideal don Chomhdháil Cheilteach (2011) a luadh sa mhír físe agus déan na cleachtaí seo a leanas. Tá an sceideal le fáil ar líne ag http://www.celticstudiescongress.org/images/stories/congress/sessions_schedule.pdf nó tá leagan pdf ag dul leis an gceacht seo.
 - o Dá mbeifeá le freastal ar 5 léacht, cad iad na cinn a roghnófa?
 - o An gcuireann an raon ábhar iontas ort?
 - o Tá ort gné-alt fógraíochta a scríobh do Gaelscéal ag cur síos ar an gcomhdháil. Bain úsáid as an mbróisiúr le cabhrú leat. Déan tagairt don ilghnéitheacht ábhar agus don diminsean idirnáisiúnta san alt.
- Léigh an sliocht seo as an alt ‘*Why I Choose to Write in Irish: The Corpse that Sits Up and Talks Back*’ le Nuala Ní Dhomhnaill. An aontaíonn tú leis an abairt dheireanach?

The very ancientness of the Irish literary tradition is also a great source of strength to me as a writer. This works at two levels, one that is mainly linguistic and prosodic and another that is mainly thematic and inspirational. At the linguistic level, Old Irish, though undoubtedly very difficult, is much closer to Modern Irish than, say, Anglo-Saxon is to Modern English. Anyone like me with a basic primary degree in the language and a bit of practice can make a fair job of reading most of the medieval texts in the original.

Le caoinchead ón údar.

Téipscript

An Léann Ceilteach, sé sin rud an-mhór, go háirid sa lá atá inniu ann. Tá go leor daoine ar fud na cruinne anois ag cur spéise sa Léann Ceilteach. Rud atá i gceist ná litríocht agus teanga na dtíortha Ceilteacha – mar shampla an tír seo, an Bhreatain Bheag, an Bhriotáin, Alba, an Choirn, Manainn. Ní hí an litríocht agus an teanga amháin atá i gceist – tá an tseandálaíocht i gceist chomh maith, stair, na meánaoiseanna sna tíortha sin agus stair na heaglaise agus go deimhin rudaí eile. An Léann Ceilteach ar ndóigh, baineann sé sin chomh maith leis an nua-ré – mar shampla in go leor áiteachaí ar fud an domhain déantar staidéar ar an Nua-Ghaeilge agus ar an Nua-Bhreatnais agus foghlaimíonn mic léinn an Ghaeilge díreach mar a dhéanann mic léinn na hÉireann, canúint ar leith agus a leithéid sin. Mar sin, an dá ré – an tsean-ré roimh an dara haois déag agus ré na Nua-Ghaeilge, ré na Nua-Bhreatnais mar a déarfá.

Sea. Bhuel, is dóigh go bhfuil difríocht idir an Léann Ceilteach anseo, mar shampla, agus na Stáit Aontaithe nó sa Rúis nó áit ar bith taobh amuigh den tír, sa mhéid go bhfuil níos mó béime ar an Nua-Ghaeilge sa tír seo, mar a bheifeá ag súil, bheadh mic léinn ag foghlaim Nua-Ghaeilge len í a úsáid ina gcuid oibre nó... agus ina saol mar a déarfá, laethúil. Agus bheidís ag cur b'fhéidir níos mó spéise – mic léinn na tíre seo – sa nua-litríocht ná sa tsean-litríocht an fhad a bheadh mic léinn abraimís, arís sna Stáit Aontaithe, sa Rúis, ar fud na hEorpa, ag cur an-spéis sa tsean-litríocht – litríocht na Sean-Ghaeilge, agus na Meán-Ghaeilge mar shampla, nó litríocht na Meán-Bhreatnais, agus dhéanfaidís staidéar ar an dá litríocht, go deimhin, chomh maith – idir, go deimhin, shean-litríocht agus nua-litríocht, idir shean-teanga agus nua-theanga.

Bhuel, mar a dúirt mé, is rud mór é an Léann Ceilteach agus d'fheicfeá é sin, mar shampla, ag an gComhdháil Cheilteach idirnáisiúnta a bhíonn ann gach ceathrú bliain. Agus tagann na céadta agus na céadta – timpeall seacht gcéad a bheidh i Maigh Nuad mar shampla i mbliana ag tabhairt páipéir, ag éisteacht le páipéir, ag cur spéise ar aon nós i ngnéithe éagsúla den Léann Ceilteach. Tá cumainn éagsúla idirnáisiúnta ann, mar shampla *Societas Europea Celtologica* agus a leithéid sin i dtíortha éagsúla. Mar shampla, go dtí le gairid chomh maith sa tSeapáin bhí iris Cheilteach ann – *Studia Celtica Japonica*. Mar sin, tá an t-ábhar seo an-mhór agus an-tábhachtach ar fud na cruinne.

Sea. Tá an tSean-Ghaeilge agus an Mheán-Ghaeilge, mar shampla, an-tábhachtach do mhic léinn na Nua-Ghaeilge. Tá claonadh ann sa tír seo idirdhealú a dhéanamh idir an tSean-Ghaeilge, idir an Ghaeilge luath, abraimís, agus an Nua-Ghaeilge, agus déantar failí sa leanúnachas atá ann idir an dá ré. Agus tá easpa cumarsáide, easpa áirid cumarsáide ann idir an dá dhream scoláirí, mar shampla, atá i mbun na scoláireachta – rud a fhágann nach bhfaigheann an mac léinn go minic ach seans a dhul, abraimís, a theacht aniar go dtí an dara haois déag nó dhul siar go dtí an t-am sin, nó go deimhin, go dtí an t-ochtú nó an seachtú haois déag. Agus ar ndóigh, téann an traidisiún siar i bhfad go dtí an séú nó an seachtú haois. Is ansin a thosaíonn na téacsanna... a tosaíodh ar na téacsanna a chumadh.

Tá an tseanlitríocht mar shampla, an-tábhachtach do mhic léinn na Nua-Ghaeilge ar chúpla bealach mar go bhfuil traidisiún agus oidhreacht na Nua-Ghaeilge bunaithe ar thraidisiún agus ar oidhreacht na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Agus mar a dúirt an tOllamh Breandán Ó Buachalla, nach maireann, go...tá leanúnachas ann anuas go dtí an fichiú haois – níl aon bhearna ann dáiríre, fiú amháin san ochtú haois déag nó sa naoú haois déag. Agus mar sin, an té a chuireann eolas ar scéalta agus ar fhilíocht agus ar institiúidí ré na Sean- agus na Meán-Ghaeilge, tá sé ag fáil amach, mar a déarfá, faoi fhréamhacha más maith leat, faoi

thús oidhreacht na Nua-Ghaeilge. Anois chomh maith leis sin, tá na téacsanna, na scéalta abraimís, agus na dánta Sean-Ghaeilge – gan na cineálacha eile litríochta a lua, gan ach na scéalta agus na dánta a lua – na liricí Sean-Ghaeilge mar shampla, tá siadsan an-spéisiúil do mhic léinn an lae inniu. Tá scéalta béaloidis, tá filíocht Nuala Ní Dhomhnaill agus próis Mháirtín Uí Chadhain – baineann siadsan go leor inspioráide agus tionchair as ré na Sean- agus na Meán-Ghaeilge. Ach chomh maith leis sin ansin chomh maith, tá ábhar spéisiúil sna scéalta – an Táin, mar shampla. Fingal Rónáin – an scéal faoin rí Laighneach a mharaigh a mhac gan chionta – scéal tragóideach atá an-Ghaelach ar go leor bealaí ach atá ag an am céanna bunaithe ar thraidisiún na Gréige, na drámaí Gréagacha. Tá go leor le foghlaim faoin gcaoi ar bhain scríbhneoirí Éireannacha san ochtú, sa naoú, sa deichiú, san aonú haois déag tionchar as litríocht thar lear, as na scéalta a chum siad, na scéalta nach raibh aon tionchar iasachta iontu – mar sin tá saibhreas mór ansin is dóigh liom a spreagfadh mic léinn an lae inniu agus a chuirfeadh go mór le siollabas Nua-Ghaeilge na ranna Nua-Ghaeilge.